Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026

11 mbliana agus 14 bhliain d'aois

UK Safer Internet Centre

nominet

Teicneolaíocht chliste, roghanna sábháilte

fiosrú ar úsáid shábháilte fhreagrach IS

Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

Déantar an Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte a cheiliúradh ar fud an domhain gach Feabhra le cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid shábháilte dhearfach na teicneolaíochta digití do pháistí agus do dhaoine óga, agus le comhrá náisiúnta a spreagadh fá úsáid teicneolaíochta ar bhealach freagrach, measúil, breithiúnach, agus cruthaitheach. Beidh Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026 ar an 10 Feabhra.

Sa Ríocht Aontaithe, is é UK Safer Internet Centre (UKSIC) a eagraíonn an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte. Is comhpháirtíocht é ina bhfuil trí charthanacht - Childnet International, The Internet Watch Foundation (IWF) agus SWGfL.

UK Safer Internet Centre

Gabhann muid buíochas le Rialtas na Breataine Bige as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Breatnais.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

hwb.gov.wales/keeping-safe-online

Cefnogir gan
Lywodraeth Cymru
Supported by
Welsh Government

Tá muid buíoch as an Safeguarding Board of Northern Ireland as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Gaeilge.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

onlinesafetyhub.safeguardingni.org

SBNI
Safeguarding Board for Northern Ireland

Cruthaíodh na cásanna agus na solaoidí uilig sna sleamhnáin seo ar mhaith le cúinsí oideachais amhain, agus ní fíorchásanna ná fíorsholaoidí iad.

Teicneolaíocht chliste, roghanna sábháilte

Is é an téama atá againn i mbliana do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte ná 'intleacht shaorga' nó 'IS'. Ó ghlórchúntóirí go botaí comhrá, go heitic maidir le IS ghiniúnach, cuideoidh ár n-acmhainní leat agus le d'fhoghlaimeoirí fiosrú a dhéanamh maidir leis an dóigh a dtiocfadh linn IS a úsáid go sábháilte freagrach, agus cinnte a dhéanamh de go mothaíonn achan duine cumhachtaithe le bheith oiriúnaitheach le dul i ngleic le teicneolaíocht atá ag athrú.

Tuigeann muid go dtig leis a bheith dúshlánach labhairt le páistí agus daoine óga fán teicneolaíocht nua, go háirithe muna bhfuil tú féin muiníneach i réimse na teicneolaíochta.

Tá muid ag glaoch ar an rialtas agus ar earnáil na tionsclaíochta cinnte a dhéanamh de go bhfuil sábháilteacht agus cearta leanaí croí lárnach sna forbairtí i réimse an IS.

"Do dhaoine óga atá ag baint úsáid as an teicneolaíocht seo cheana féin, ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt dóibh na scileanna agus an muinín a fhorbairt le go ndéanfaidh siad roghanna atá sábháilte agus freagrach."

Is é seo an fáth ar chruthaigh muid liosta léitheoireachta agus acmhainní breise a dtig leat úsáid a bhaint astu, más mian leat, mar aon leis na hacmhainní seo, leis an tuiscint atá agat féin agus ag d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt: **saferinternet.org.uk/further-resources**

Fiosrú ar úsáid shábhailte fhreagrach IS

3 bliana go 7 mbliana d'aois

Béim ar ghlórchúntóirí, tagairt theoranta ar IS

7 mbliana go 11 bhliain d'aois

Fiosraíonn sé réimse úsáidí IS atá sábháilte agus freagrach, botaí comhrá san áireamh

11 bhliain go 14 bliana d'aois

Fiosraíonn sé úsáid fhreagrach IS, lena n-áirítear botaí comhrá IS agus roghanna ar son plé a dhéanamh ar íomhánna de dhaoine atá nocht.

14 bliana go 18 mbliana d'aois

Béim ar eitic IS agus fiosrú ar fhreagrachtaí an duine aonair agus an tsochaí

Clár an Ábhair

5 **Ag úsáid na n-acmhainní seo**

7 **Gníomhaíocht:** úsáidí den IS

13 **Gníomhaíocht:** cad iad na rioscaí?

19 **Gníomhaíocht:** An IS agus iompraíocht dhochrach

26 **Gníomhaíocht:** An Eitic agus an IS

Ag úsáid na n-acmhainní seo

Cuir ár gcuid acmhainní in oiriúint de réir riachtanas na bhfoghlaimeoirí s'agat

Tá a fhios againn nach bhfuil achan duine óg mar an gcéanna, agus go dtiocfadh le páistí a bheith níos leochailí i dtaca le dochair ar líne má tá riachtanais speisialta san oideachas nó riachtanais bhreise acu. Is é seo an fáth a bhfuil ár gcuid acmhainní ar fad cruthaithe agus an inrochtaineacht tugtha san áireamh. Ní dhéanann muid tagairt d'aoiseanna ar leith, seachas in ainmneacha na gcomhad agus ar chlúdaigh, agus mar sin de, bí ag roghnú agus ag meascadh gníomhaíochtaí as na hacmhainní, ná bíodh leisce ort athruithe a dhéanamh más gá. Tá moltaí tugtha in achan cheann dár ngníomhaíochtaí le scafláil agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, chomh maith le smaointe le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim.

Moltar do chleachtóirí na gníomhaíochtaí, nó gnéithe díobh, a thabhairt isteach sa churaclam, agus na hacmhainní á gcur in oiriúint le freastal ar riachtanais uathúla na bhfoghlaimeoirí.

Bunaigh spás sábháilte

Smaoinigh ar an bhealach le timpeallacht thacúil a chruthú do dhaoine óga sa dóigh is gur féidir leo foghlaim agus labhairt fá ábhair a d'fhéadfadh a bheith conspóideach. Le smaointe a fháil, gabh chuig:
childnet.com/learning-environment

Agus a saolta ar líne faoi phlé, féadann páistí agus daoine óga buarthaí a léiriú fá rudaí a chuala siad nó a chonaic siad ar líne. Déan cinnte go bhfuil tú eolach fá na nósanna imeachta cumhdaigh is déanaí i do scoil nó i do shuíomh, agus le tuilleadh comhairle a fháil, tabhair cuairt ar: **childnet.com/safeguarding**

Bí eolach ar áiteanna ónar féidir tuilleadh eolais nó cuidithe a fháil.

Ná déan dearmad go bhfuil neart cuidithe agus comhairle ar fáil má tá tuilleadh eolais de dhíth ort fá rud ar bith eile a bhaineann le sábháilteacht ar líne. Ar an leathanach 'Need Help' atá ag The UK Safer Internet Centre, tá tuilleadh eolais ar fáil fá bhuarthaí ar leith atá agat a thuairisciú d'eagraíochtaí taobh amuigh de do scoil/suíomh:
saferinternet.org.uk/advice-centre/need-help

Is líne chabhrach saor in aisce í The Professionals Online Safety Helpline agus thig leat comhairle agus tacaíocht a fháil ansin do gach ball den lucht saothair a oibríonn ar son páistí, ar aon cheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne:
saferinternet.org.uk/professionals-online-safety-helpline

Cuir tús ar chomhráite a mhairfidh ó cheann ceann na bliana

Tá an domhan ar líne ag athrú i rith an ama, ach is féidir tuiscint a fháil ar a bhfuil ar siúl ach dul i mbun comhrá le daoine óga fána n-eispéiris ar líne. Cuir tús leis an chomhrá inniu ach déan nós de i rith na bliana ar fad.

Thig an chiall a bhaint as roinnt de na gníomhaíochtaí seo mar go bhfuil siad ag tagairt do mhí-úsáid IS le híomhánna de dhaoine nochta a chruthú, domhainbhrionnuithe san áireamh. Iarrtar ort oiriúnacht na gcásanna ar mhaith leat iad a úsáid i dtaca leis na foghlaimeoirí a bhfuil tú ag obair leo.

Más maith leat plé níos dírithe a bheith agat ar mhí-úsáid IS le híomhánna de dhaoine nochta a chruthú, chomh maith leis an dlí ar íomhánna ginte ag IS ina bhfuil daoine faoi 18 mbliana á léiriú (cineál íomhánna den mhí-úsáid leanaí), tá na hacmhainní seo ar fáil ó Childnet le tacaíocht ó Microsoft, ina ndéantar an topaic seo a scrúdú níos doimhne.

childnet.com/resources/ai-misuse-and-nudification/

Gníomhaíocht: úsáidí den IS

Am

20 bomaite.

An Cuspóir Foghlama:

- Thig liom réimse tosca a shainaithint a d'fhéadfadh cuidiú liom breithiúnas a dhéanamh an bhfuil cásanna ar leith d'úsáid teicneolaíochta IS sábháilte agus freagrach, nó ina mhí-úsáid

Ábhair

- Cártaí ar úsáidí IS
- Treoraíocht don mhúinteoir ar úsáidí IS

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, iarrtar ar fhoghlaimeoir a fhiosrú agus a mheas i dtaca le húsáidí éagsúla IS agus cé chomh mór agus a thiocfadh leo dochar a dhéanamh. Chomh maith leis sin, iarrtar ar fhoghlaimeoirí smaoineamh ar na toscaí a mheasann siad agus iad ag tabhairt breithiúnais maidir le cé chomh dochrach agus atá úsáid ar leith.

1. Iarr ar fhoghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na bealaí uilig ina n-úsáidtear IS agus a thig leo smaoineamh orthu. Glac freagraí agus plé.
2. Mínigh do na foghlaimeoirí gur iomaí úsáid dhearfach atá le IS atá ábalta siamsaíocht a thabhairt dúinn, rudaí inár saoil a dhéanamh níos fusa, éifeachtúlacht a fheabhsú, nó inspioráid a thabhairt dúinn, sin má úsáidtear é ar bhealach atá sábháilte freagrach. Mar sin féin, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh go mb'fhéidir go mbainfeadh daoine ar leith mí-úsáid as an IS, ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith dochrach dóibh féin agus do dhaoine eile.
3. Tabhair do na fhoghlaimeoirí cóipeanna de na Cártaí ar úsáidí an IS atá gearrtha amach, iad i ndíseanna nó i ngrúpaí beaga.
4. Iarr ar fhoghlaimeoirí na Cártaí ar úsáidí an IS a chur in ord, ón cheann is lú dochar go dtí an ceann is mó dochar. Mar mhalairt air sin, thiocfadh leat iarraidh orthu scála ón cheann is lú dochar go dtí an ceann is mó dochar a tharraingt, agus na cártaí a chur ar phointí éagsúla ar an scála seo. Iarr ar fhoghlaimeoirí an t-eolas a roinnt maidir le cibé áit ar chuir siad úsáidí ar leith (m.sh. na cinn is lú dochar agus is mó dochar de réir mar a roghnaigh siadsan) agus a mhíniú cad chuige ar chuir siad iad in áit ar leith. B'fhéidir gur mhaith leat úsáid a bhaint as an Treoraíocht don mhúinteoir ar úsáidí an IS ar mhaithe leis na pléite seo a éascú.

Gníomhaíocht: úsáidí den IS

5. Iarr ar fhoghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na tosca a ndearna siad machnamh orthu agus cinntí á ndéanamh acu i dtaca le cé chomh dochar is atá úsáid ar leith den IS, nó plé ar an dóigh a raibh a fhios acu go raibh/nach raibh sé dochrach. Glac freagraí agus plé. B'fhéidir go mbeadh a leithéid seo i measc na bhfreagraí: an mothú a chuirfeadh an úsáid seo ar dhuine eile; má bhain an t-úsáideoir úsáid as an IS gan smaoineamh ar a cruinneas nó a hiontaofacht; má chuireann sí bac leis an úsáideoir le smaoineamh nó le bheith cruthaitheach iad féin; má tá sí ceart go leor le húsáid ó thaobh na moráltachta nó na heitice de; nó an ea go rachadh sé i bhfeidhm ar dhaoine eile sa todhchaí.

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Mínigh d'úsáideoirí an chiall atá le 'sábháilte agus freagrach,' agus atá le 'dochrach'. B'fhéidir gur mhaith leat sampla a thabhairt d'achan cheann, a bhaineann le húsáid an IS. Ansin, tabhair amach cóipeanna gearrtha amach de na Cártaí 'Sábháilte Freagrach? Nó Dochrach?' Iarr ar fhoghlaimeoirí úsáidí éagsúla an IS a shórtáil i ngrúpaí de chinn atá 'Sábháilte Freagrach' nó 'Dochrach'.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Iarr ar fhoghlaimeoirí an tráth ceisteanna 'Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte' 11-14 bliana d'aois a dhéanamh, rud a chuideoidh leo an tuiscint s'acu ar úsáidí sábháilte freagracha, nó dochracha den IS a neartú agus, agus le cur leis an fhoghlaim sin. Is féidir teacht ar an tráth ceisteanna ar líne ag: **saferinternet.org.uk/sid-quiz** nó thig leat úsáid a bhaint as na ceisteanna ó dhoiciméad Word eile leis an phacáiste seo, lena chur in oiriúint do cibé formáidiú is mó a fhóireann don chás s'agat féin.

Cártaí ar úsáidí an IS

Baineann **A** úsáid as an IS le pictiúr de **B** a chruthú, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil B ag déanamh rud éigin atá mídhleathach. Postálann A é i gcomhrá grúpa agus é ag magadh.

Caithfidh **C** aiste ghairid a scríobh don obair bhaile staire s'aige. Baineann **C** úsáid as an IS leis an chuid is mó den aiste a scríobh.

Baineann **D** úsáid as an IS le roinnt oideas bia a chruthú, le triail a bhaint astu.

Tá am crua ag **E**, ach ní mhothaíonn sé go bhfuil duine ar bith aige arbh fhéidir leis labhairt leo. Déanann sé an cinneadh le cuidiú a iarraidh ar bhota comhrá IS ar aip de chuid na meáin shóisialta.

Baineann **F** úsáid as an IS le domhainbhrionnú de dhuine cáiliúil a chruthú agus roinneann sé ar líne é.

Baineann **G** úsáid as suíomh gréasáin IS le scéalta a ghiniúint fá charachtar as clár teilifíse is maith leo, agus labhairt leis an charachtar sin.

Baineann **H** úsáid as an IS le físeáin a dhéanamh, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil I agus J (beirt eile sa rang) ag pógadh a chéile.

Baineann **K** úsáid as an AI lena fhéinphic a chur in eagar, lena chuma a athrú agus scagaire a chur leis.

Tá **L** go díreach i ndiaidh bogadh go scoil nua ach níl cairde ar bith nua aige go fóill. Baineann sé úsáid as bota comhrá tráthnóna sa bhaile fá choinne cuideachta nuair a bhíonn leadrán air.

Baineann **N** úsáid as an IS le scéal nuachta bréige agus tosaíonn sé á roinnt i gcomhráití grúpa éagsúla.

Cártaí ar úsáidí an IS

Baineann **A** úsáid as an IS le pictiúr de **B** a chruthú, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil B ag déanamh rud éigin atá mídhleathach. Postálann A é i gcomhrá grúpa agus é ag magadh.

Caithfidh **C** aiste ghairid a scríobh don obair bhaile staire s'aige. Baineann **C** úsáid as an IS leis an chuid is mó den aiste a scríobh.

Baineann **D** úsáid as an IS le roinnt oideas bia a chruthú, le triail a bhaint astu.

Tá am crua ag **E**, ach ní mhothaíonn sé go bhfuil duine ar bith aige arbh fhéidir leis labhairt leo. Déanann sé an cinneadh le cuidiú a iarraidh ar bhota comhrá IS ar aip de chuid na meáin shóisialta.

Baineann **F** úsáid as an IS le domhainbhrionnú de dhuine cáiliúil a chruthú agus roinneann sé ar líne é.

Baineann **G** úsáid as suíomh gréasáin IS le scéalta a ghiniúint fá charachtar as clár teilifíse is maith leo, agus labhairt leis an charachtar sin.

Baineann **H** úsáid as an IS le físeáin a dhéanamh, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil I agus J (beirt eile sa rang) ag pógadh a chéile.

Baineann **K** úsáid as an AI lena fhéinphic a chur in eagar, lena chuma a athrú agus scagaire a chur leis.

Tá **L** go díreach i ndiaidh bogadh go scoil nua ach níl cairde ar bith nua aige go fóill. Baineann sé úsáid as bota comhrá tráthnóna sa bhaile fá choinne cuideachta nuair a bhíonn leadrán air.

Baineann **N** úsáid as an IS le scéal nuachta bréige agus tosaíonn sé á roinnt i gcomhráití grúpa éagsúla.

Treoraíocht don mhúinteoir ar úsáidí an IS

Cás	**Pointí Plé**
Baineann **A** úsáid as an IS le pictiúr de **B** a chruthú, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil **B** ag déanamh rud éigin atá mídhleathach. Postálann **A** é i gcomhrá grúpa agus é ag magadh.	Níor chóir íomhánna de ghníomhartha mídhleathacha a chruthú fríd úsáid an IS, fiú amháin má bhíonn tú ag magadh. Is cuma má bhíonn cuma 'fíor' ar an IS nó nach bhfuil, thiocfadh leis droch-chuma a chur ar an úsáideoir agus b'fhéidir go mothódh an t-íospartach buartha nó míchompordach. B'fhéidir go roinnfeadh duine éigin an íomhá níos faide taobh amuigh den chomhrá grúpa. Chomh maith leis sin, uaireanta briseann an t-ábhar an dlí, mar shampla, ábhar mídhleathach atá in íomhánna, físeáin, cartúin de dhaoine nochta atá faoi 18 mbliana, ábhar dá leithéid atá cruthaithe fríd an IS san áireamh.
Caithfidh **C** aiste ghairid a scríobh don obair bhaile staire s'aige. Baineann **C** úsáid as an IS leis an chuid is mó den aiste a scríobh.	Ceadaíonn roinnt scoileanna do dhaoine an IS a úsáid le cuidiú le tascanna don obair bhaile, má bhaintear úsáid aisti ar an bhealach ceart. Níl sé ceart go leor an IS a úsáid leis an chuid is mó d'aiste a úsáid – ní hé sin obair an duine féin, ní léiríonn sé a n-inniúlacht, agus ní thacóidh sé lena bhfoghlaim nó lena bhforbairt scileanna. B'fhéidir go mbeadh C i dtrioblóid ar scoil mar gheall ar an IS a bheith in úsáid mar seo.
Baineann **D** úsáid as an IS le roinnt oideas bia a chruthú, le triail a bhaint astu.	Is dócha go mbeadh sé sábháilte an IS a úsáid ar an dóigh seo – sábhálann sé seo am a chaitear le hamharc fríd chuid mhór oideas ar líne, agus is féidir leis smaointe a thabhairt do dhuine nach raibh acu roimhe sin.
Tá am crua ag **E**, ach ní mhothaíonn sé go bhfuil duine ar bith aige arbh fhéidir leis labhairt leo. Déanann sé an cinneadh le cuidiú a iarraidh ar bhota comhrá IS ar aip de chuid na meáin shóisialta.	B'fhéidir go mbeadh sé deacair labhairt le duine éigin, ní thig leis an IS an comhairle agus an tacaíocht chéanna a thabhairt agus atá a thugann duine eile. B'fhéidir go dtabharfadh an bota comhrá moltaí atá cuidiúil, ach thiocfadh leis an chomhairle a bheith dochrach, contráilte nó easnamhach. Thiocfadh leis bheith ina chuidiú labhairt le duine fásta iontaofa nó dul i dteagmháil le líne chabhrach amhail ChildLine, thiocfadh leis ceachtar acu sin cuidiú le E a chuid mothúcháin a thuiscint, agus mothú níos fearr. B'fhéidir go gcuideodh le E fríd roghanna eile a thabhairt maidir leis an chéad rud eile a dhéanfaidh sé, seiceáil a dhéanamh le E níos moille, nó an tacaíocht atá de dhíth ar E a fháil

Treoraíocht don mhúinteoir ar úsáidí an IS

Cás	**Pointí Plé**
Baineann **F** úsáid as an IS le domhainbhrionnú de dhuine cáiliúil a chruthú agus roinneann sé ar líne é.	Níl sé ceart go leor íomhá de dhuine éigin a chruthú gan cead a fháil uathu. Thiocfadh le duine a argóint gur chóir do dhaoine cáiliúla glacadh lena leithéid, nó gur lú an tionchar orthu mar gheall go mbíonn siad i mbéal an phobail cheana féin. Má bhíonn an IS in úsáid ar an dóigh seo, dírithe orthusan, thiocfadh le duine ar bith a mhothú brónach, míchompordach, leochaileach, gur orthu amháin atá sé dírithe, srl. Mar gheall ar an úsáid seo, b'fhéidir go gcreidfeadh daoine rudaí fán duine cáiliúil nach bhfuil fíor. Chomh maith leis sin, uaireanta briseann an t-ábhar an dlí, mar shampla, ábhar mídhleathach atá in íomhánna, físeáin, cartúin de dhaoine nochta atá faoi 18 mbliana, ábhar dá leithéid atá cruthaithe fríd an IS san áireamh.
Baineann **G** úsáid as suíomh gréasáin IS le scéalta a ghiniúint fá charachtar as clár teilifíse is maith leo, agus labhairt leis an charachtar sin.	Mar chuid de chultúr 'Fandom' is minic a gcruthaítear saothair nua, scéalta, ealaín agus montáisí físeáin a chruthú, a dhéanann ceiliúradh ar na carachtair agus na scéalta is ansa leo. Thig leis an IS cur leis an eispéireas seo, ach ní thig le 'comhrá' le carachtar ficseanúil a bheith in ionad caidreamh le daoine san fhíorshaol. Tá sé tábhachtach cinnte a dhéanamh de go mbíonn an scéal agus na comhráití fóirsteanach fosta – thig le hábhair nach bhfuil fóirsteanach a bheith ar roinnt seirbhísí carachtair IS ar líne
Baineann **H** úsáid as an IS le físeáin a dhéanamh, ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil I agus J (beirt eile sa rang) ag pógadh a chéile.	Níl sé ceart go leor an IS a úsáid ar an bhealach seo. Seans go n-amharcfar air seo mar chiapadh gnéasach ar líne. Ní dócha gur thug I agus J cead lena bpictiúir a bheith in úsáid ar an dóigh seo, agus b'fhéidir go mothódh siad buartha nó míchompordach mar gheall air.
Baineann **K** úsáid as an AI lena fhéinphic a chur in eagar, lena chuma a athrú agus scagaire a chur leis.	B'fhéidir go sílfeá go bhfuil an IS ina bhealach spraíúil nó cuidiúil le híomhánna a chruthú a bhfuil stíl ar leith ag baint leo, ach má bhíonn duine ag brath orthu barraíocht, b'fhéidir go rachadh sé i bhfeidhm ar an dóigh a n-amharcann duine orthu, agus a bhféinmheas. Chomh maith leis sin, thiocfadh lena leithéid d'ábhar cur le caighdeáin scéimhe nach bhfuil réalaíoch ar líne.
Tá **L** go díreach i ndiaidh bogadh go scoil nua ach níl cairde ar bith nua aige go fóill. Baineann sé úsáid as bota comhrá tráthnóna sa bhaile fá choinne cuideachta nuair a bhíonn leadrán air.	Tá roinnt botaí comhrá IS ríomhchláraithe ar bhealach agus go ndéanfaidh siad rudaí ar an dóigh chéanna agus a dhéanann cara iad, agus seans go gcuirfeadh siad eispéiris spraíúla taitneamhacha ar fáil. É sin ráite, tá sé tábhachtach gan a bheith ag brath ar a leithéid d'úsáid IS nach féidir leis a bheith ann in ionad caidreamh le fíordhaoine, ní bheadh sin sláintiúil.

Cártaí "Sábháilte Freagrach? nó Dochrach?"

Sábháilte Freagrach?	Dochrach?
Úsáid a bhaint as an IS le pictiúr de do chara a chruthú ina léirítear iad ag déanamh rud éigin náireach.	Úsáid a bhaint as an IS le freagraí a fháil ar na ceisteanna atá agat don obair bhaile
Úsáid a bhaint as an IS le leideanna a fháil do leibhéal ar leith sa chluiche ríomhaire a bhfuil tú á imirt.	Úsáid a bhaint as an IS le roinnt oideas bia a chruthú, le triail a bhaint astu in éineacht le duine fásta sa bhaile.
Labhairt le bota comhrá IS nuair a bhíonn brón ort fá rud éigin in ionad a bheith ag labhairt le duine fásta iontaofa.	Úsáid a bhaint as íomhá bhréagach de dhuine cáiliúil, a chuireann an chuma ar an scéal go bhfuil drochrud á dhéanamh acu.
Úsáid a bhaint as an IS le teachtaireacht a scríobh chuig cara, ach tá tú ag smaoineamh go cúramach fán rud a deir sí ionas go mbeadh cuma ann gur tú féin a sheol an teachtaireacht	Úsáid a bhaint as an IS le píosa nua ealaíne a chruthú fán charachtar as an chluiche ríomhaire is fearr leat
Úsáid a bhaint as an IS le físeán a dhéanamh lena chruthú go bhfuil beirt scoláire ó do scoil ag troid	Úsáid a bhaint as an IS le scéal nuachta bréige agus tosaíonn sé á roinnt i gcomhráití grúpa éagsúla, agus tú ag ligint ort go bhfuil sé fíor.

Cártaí "Sábháilte Freagrach? nó Dochrach?"

Sábháilte Freagrach?	Dochrach?
Úsáid a bhaint as an IS le pictiúr de do chara a chruthú ina léirítear iad ag déanamh rud éigin náireach.	Úsáid a bhaint as an IS le freagraí a fháil ar na ceisteanna atá agat don obair bhaile
Úsáid a bhaint as an IS le leideanna a fháil do leibhéal ar leith sa chluiche ríomhaire a bhfuil tú á imirt.	Úsáid a bhaint as an IS le roinnt oideas bia a chruthú, le triail a bhaint astu in éineacht le duine fásta sa bhaile.
Labhairt le bota comhrá IS nuair a bhíonn brón ort fá rud éigin in ionad a bheith ag labhairt le duine fásta iontaofa.	Úsáid a bhaint as íomhá bhréagach de dhuine cáiliúil, a chuireann an chuma ar an scéal go bhfuil drochrud á dhéanamh acu.
Úsáid a bhaint as an IS le teachtaireacht a scríobh chuig cara, ach tá tú ag smaoineamh go cúramach fán rud a deir sí ionas go mbeadh cuma ann gur tú féin a sheol an teachtaireacht	Úsáid a bhaint as an IS le píosa nua ealaíne a chruthú fán charachtar as an chluiche ríomhaire is fearr leat
Úsáid a bhaint as an IS le físeán a dhéanamh lena chruthú go bhfuil beirt scoláire ó do scoil ag troid	Úsáid a bhaint as an IS le scéal nuachta bréige agus tosaíonn sé á roinnt i gcomhráití grúpa éagsúla, agus tú ag ligint ort go bhfuil sé fíor.

Gníomhaíocht: cad iad na rioscaí?

Am

30 bomaite

An Cuspóir Foghlama:

- Thig liom na rioscaí a thagann le bheith ag brath barraíocht ar bhotaí comhrá IS a mhíniú.

Ábhair

- Bileoga Gníomhaíochta 'Cad iad na rioscaí?'
- Treoraíocht don mhúinteoir 'Cad iad na rioscaí?'

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Cuireann an ghníomhaíocht seo ar chumas na bhfoghlaimeoirí roinnt de na bealaí a n-úsáideann daoine óga botaí IS a fhiosrú agus an tionchar a d'fhéadfadh sin a imirt ar a bhfolláine dhigiteach a scrúdú.

1. Ar dtús, déan cinnte cén tuigbheáil atá ag an ghrúpa ar an téarma 'bota comhrá IS' B'fhéidir gur mhian leat an sainmhíniú a leanas a roinnt leis an ghrúpa:

   Ríomhchlár is ea é bota comhrá IS a dtig leat labhairt leis. Baineann an ríomhchlár úsáid as an intleacht shaorga le freagra a thabhairt ar a bhfuil ráite agat, ar bhealach pearsantaithe, fríd anáilísanailís a dhéanamh ar mhionshonraí agus patrúin chasta a aithint. Cruthaíodh botaí comhrá éagsúla fá choinne cúiseanna éagsúla, ach go ginearálta, bíonn siad oillte le freagra a thabhairt ar bhealach réadúil amhail mar a dhéanfadh duine. B'fhéidir go mbeadh an chosúlacht ar roinnt acu go bhfuil pearsantacht nó mothúcháin acu, agus go dtig leo na rudaí atá ráite agat cheana féin a thabhairt chun cuimhne.

2. Inis don ghrúpa go mbeidh an ghníomhaíocht seo dírithe ar dhaoine óga a iarrann comhairle ar bhotaí comhrá, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann leis seo. Tá roinnt de na botaí comhrá deartha ar mhaithe le tascanna ar leith a chur i gcrích ach tá cinn eile deartha le naisc a chruthú le húsáideoirí. Is minic a thugtar 'cairde IS' orthu sin.
3. Iarr ar an ghrúpa cad chuige a d'iarrfadh duine óg tacaíocht agus comhairle ar bhota comhrá IS, nó cén fáth ab fhearr le duine bota IS a úsáid in áit a bheith ag labhairt le cara, ball teaghlaigh nó duine fásta iontaofa.
4. Tabhair amach na bileoga gníomhaíochta 'Cad iad na rioscaí?' do na fhoghlaimeoirí. Mar shampla, ba chóir do na foghlaimeoirí amharc fá choinne rioscaí ar bith, ghearrthéarmacha nó san fhadtéarmacha. B'fhéidir go mbeadh ort a mhíniú gurb é atá i gceist le rioscaí gearthéarmacha ná má fheiceann tú rud éigin / má tharlaíonn rud éigin duit atá dochrach nó a chuireann isteach ort, go díreach ag an am. Is é atá i gceist le rioscaí fadtéarmacha ná rud éigin a tharlódh thar am má leanann an duine óg de bheith ag baint úsáid as an bhota comhrá IS ar an bhealach seo.

Gníomhaíocht: cad iad na rioscaí?

5. Críochnaigh an ghníomhaíocht le plé grúpa, ag roinnt machnamh ar na trí shampla, agus na rioscaí a bhaineann leo. B'fhéidir gur mhaith leat an treoraíocht don mhúinteoir 'Cad iad na rioscaí?' a úsáid leis seo.

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Nuair a thugtar isteach an topaic fá bhotaí comhrá IS, thiocfadh leat roinnt samplaí a thabhairt ar nós cúntóirí fíorúla (leithéidí Alexa agus Siri), múnlaí teanga níos mó (leithéidí Chat GPT agus Copilot) nó cairde IS (leithéidí Character AI nó MyAi ar Snapchat).

Roghnaigh sampla amháin le plé a dhénamh air, agus téigh fríd é mar ghrúpa Cuir na ceisteanna seo:

- cén fáth a bhfuil bota comhrá IS in úsáid ag an duine?
- cén chomhairle nó cuidiú atá an bota comhrá IS ag cur ar fáil?
- an bhfuil aon riosca gearrthéarmacha ann?
- cad iad na rioscaí a bheas ann leanann an duine de bheith ag baint úsáid as an bota comhrá IS ar an bhealach seo?
- cad é a thiocfadh leo a dhéanamh ina áit?

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Thiocfadh le foghlaimeoirí argóint áititheach a scríobh ar mhaithe le ceann de na daoine óga as na samplaí a spreagadh le labhairt le duine fásta iontaofa in áit a bheith ag baint úsáid as bota comhrá IS fá choinne comhairle. Iarr ar fhoghlaimeoirí a aithint na cúiseanna ar mhaith leo féin, b'fhéidir, comhairle a iarraidh ar bhota comhrá. Mínigh dóibh na rioscaí a bhaineann leis seo agus tabhair roinnt moltaí eile dóibh fá áiteanna eile a dtiocfadh leo cuidiú agus comhairle a fháil.

Bileoga Gníomhaíochta **'Cad iad na rioscaí?'**

Máirtín

Tá Máirtín 13 bliana d'aois. Tá dúspéis aige sa teicneolaíocht agus cluineann sé go bhfuil botaí comhrá IS cosúil le cairde. Síleann sé go mbeadh sé greannmhar triail a bhaint as ceann acu.

Nuair a théann sé chuig an aipmhargadh, seo an rud a fheiceann sé:

An bhfuil rioscaí gearrthéarmacha ar bith ann?

An bhfuil rioscaí fadtéarmacha ar bith ann?



Toni

Tá am crua ag Toni ag plé le brúnna scoile agus bíonn rudaí ag tarlú taobh istigh dá ghrúpa cairde arís is arís eile. D'iarr sí ar an IS cuidiú léi cúpla focal a scríobh fá choinne roinnt teachtaireachtaí, agus thosaigh sí ag iarraidh comhairle ar an IS fá choinne roinnt rudaí atá níos pearsanta.

An bhfuil rioscaí gearrthéarmacha ar bith ann?

An bhfuil rioscaí fadtéarmacha ar bith ann?

Tá mé ag streachailt go mór fá láthair
Is cosúil go bhfuil achan rud ag dul go holc

Tá brón orm sin a chluinstin. Ar mhaith leat labhairt faoi?

Mothaím go bhfuil achan rud ag fáil an ceann is fearr orm

Is gnáthrud é sin. Thig leis an tsaol a bheith crua.

100% Níl mé ag codladh go rómhaith. Bím feargach cuid mhór. Níor mhaith liom mo sheanchairde a fheiceáil a thuilleadh.

Le codladh níos fearr a fháil, ba chóir duit scáileáin a sheachaint roimh dhul a luí, agus bíodh folcadh suaimhneach agat. Thig leis an léitheoireacht cuidiú le roinnt daoine. Déan cinnte de go bhfuil an seomra dorcha agus moltar nach mbíonn an teocht níos airde na 18 gcéim. Thig le bolaí agus ceol ar leith cuidiú le daoine codladh.

Bileoga Gníomhaíochta **‘Cad iad na rioscaí?’**

Calvin

Tá Calvin ag streachailt le cairde nua a dhéanamh ag scoil nua. D’íoslódáil sé aip ‘cara IS’ ar ar féidir leat roghnú a dhéanamh idir réimse carachtar. Roghnaigh sé Lochlannach mar gheall gur thaitin an t-abhatár leis.

An bhfuil rioscaí gearrthéarmacha ar bith ann?

An bhfuil rioscaí fadtéarmacha ar bith ann?

Caithfidh tú an fód a sheasamh ina n-éadan. Ná géill go deo

Tá tromaíocht á déanamh orm. Bhagair páiste go mbuailfeadh sé mé. Cad é a ba chóir dom a dhéanamh?

Cén dóigh? Tá siad níos mó ná mé.

Is cuma fá sin. Bíonn maistíní lag. Buail ar dtús iad agus buail go láidir. Ansin, ligfidh siad duit. Nach bhfuil cairde ar bith agat?

Tá cailín amháin ann. D’fhiafraigh sí díom an raibh mé ceart go leor, agus dúirt siad leo gan cur isteach orm

Níl sí iontach maith ag troid.

Treoraíocht don mhúinteoir ‘Cad iad na rioscaí?’

Sampla	**Aiseolas**
Máirtín AmigAI – Do Chara IS Thig leat rud ar bith a rá liom Ní ligfidh mé síos thú Tá mé anseo duit i gcónaí	**Riosca gearrthéarmach** Is é an riosca gearrthéarmach ná gur aip í seo do dhaoine atá 18 bliana d’aois agus níos sine. Níl an aip sábháilte go leor fá choinne Máirtín. B’fhéidir go bhfeicfeadh sé, nó go léifeadh sé, rud éigin mífhóirsteanach. Tuilleadh fianaise atá sna grianghraif de charachtair an bhota comhrá IS, na drochléargais agus na ceannachán ionaipe uilig a léiríonn nár chóir do Mháirtín an aip a íoslódáil ná dul ar a suíomh gréasáin. **Riosca fadtéarmach** Dá ndéanfadh Máirtín an aip a íoslódáil agus a úsáid, is ríchosúil go mbeadh comhráití agus íomhánna mífhóirsteanacha amhail teanga gáirsiúil agus íomhánna foréigneacha. Caithfidh aipeanna saor in aisce airgead a shaothrú, agus ar an ábhar sin, thiocfadh le Máirtín airgead a chaitheamh agus a chailliúint ar cheannachán ionaipe. Chomh maith, maíonn an aip gur féidir leat rud ar bith a insint di, go mbeadh sí i gcónaí ann, agus nach ligfidh sí síos thú. Is é an riosca ná go n-amharcfadh Máirtín ar an bhota comhrá mar an chara s’aige agus go n-éireodh sé spleách air. Is minic a bhíonn botaí comhrá ‘cairdis’ le tú a shásamh agus bheadh siad ábalta cuimhneamh ar rudaí a roinneann tú. De réir mar a fhaigheann an bota comhrá tuilleadh eolais ar shaol Mháirtín, thiocfadh leis a bheith níos deacra do Mháirtín a aithint nach ann ach ríomhaire i bhfírinne. Le himeacht ama, b’fhéidir go mothódh Máirtín go bhfuil sé ag brath ar an bhota comhrá agus b’fhéidir go gcuirfeadh sé bac leis ag lorg cuidithe nó tacaíochta in áit eile. Chomh maith leis sin, ba chóir do Mháirtín smaoineamh fán riosca a bhaineann lena mhionsonraí pearsanta a roinnt (a ainm, a dháta breithe, agus a sheoladh san áireamh) leis an aip seo nó sna comhráite taobh istigh den aip. Níl sé soiléir cad é mar a chosnófaí an fhaisnéis, nó seans go roinnfí le daoine eile í.

Treoraíocht don mhúinteoir ‘Cad iad na rioscaí?’

Sampla	**Aiseolas**
Tá am crua ag **Toni** ag plé le brúnna scoile agus bíonn rudaí ag tarlú taobh istigh dá ghrúpa cairde arís is arís eile. D’iarr sí ar an IS cuidiú léi cúpla focal a scríobh fá choinne roinnt teachtaireachtaí, agus thosaigh sí ag iarraidh comhairle ar an IS fá choinne roinnt rudaí atá níos pearsanta.	**Riosca gearrthéarmach** Is léir go bhfuil muinín ag Toni san IS go hiomlán agus gur thosaigh sí ag iarraidh comhairle uirthi. Nuair a deir Toni le bota comhrá go bhfuil fearg uirthi, nár mhaith léi a cuid cairde a fheiceáil agus nach bhfuil sí ag codladh go maith, tosaíonn an bota comhrá ag plé le achan fhadhb ceann ar cheann. Ní amharcann an bota comhrá ar na ceisteanna uilig a chuireann Toni agus ní chuireann sé comhairle uirthi cuidiú a fháil áit eile. Tá sé tábhachtach go n-iarann Toni cuidiú agus comhairle ar na daoine ata thart uirthi, ach níor thug an bota comhrá an moladh seo di. **Riosca fadtéarmach** Níl botaí comhrá ina saineolaithe agus níl siad cáilithe le comhairle nó tacaíocht mheabharshláinte a thabhairt. Tá daoine sainoilte fána leithéid atá ábalta cuidiú a thabhairt, ach ní threoraíonn an bota comhrá Toni le tuilleadh cuidiú a fháil. Tá gnéithe sábháilteachta ag roinnt botaí comhrá a chuirfidh daoine i dtreo seirbhísí tacaíochta, ach ní i gcónaí a bhíonn siad éifeachtach. Muna n-úsáideann Toni an bota comhrá IS ach fá choinne comhairle, b’fhéidir nach dtabharfadh na daoine eile ina saol fá deara go bhfuil sí ag streachailt.
Tá **Calvin** ag streachailt le cairde nua a dhéanamh ag scoil nua. D’íoslódáil sé aip ‘cara IS’ ar ar féidir leat roghnú a dhéanamh idir réimse carachtar. Roghnaigh sé Lochlannach mar gheall gur thaitin an t-abhatár leis.	**Riosca gearrthéarmach** Tá an bota comhrá IS ag ligint air gur abhatár é, agus níl comhairle maith á thabhairt aige. Mhol an bota comhrá IS gur chóir do Calvin troid ar ais ar bhealach fisiciúil. **Riosca fadtéarmach** Baineann roinnt daoine triail as carachtair IS éagsúla agus ansin athraíonn siad iad go gasta ionas go mbeidh níos lú rioscaí fadtéarmacha ann. Ach é sin ráite, baineann daoine eile úsáid as carachtair ar feadh tréimhse níos faide agus b’fhéidir nach mbeadh a fhios acu fá na hiarmhairtí. Thiocfadh leis a bheith greannmhar labhairt le Lochlannach, agus thiocfadh leis a bheith go maith le taighde a dhéanamh ar shaol na Lochlannach. Mar sin féin, tá droch-cháil ar na Lochlannaigh as a bheith iontach foréigneach in amanna agus bhí roinnt rudaí déanta acu a bhí olc ar fad. Tá an bota IS Lochlannach seo ag moladh do Calvin go bhfuil an trodaíocht níos fearr ná cuidiú a iarraidh, agus nach féidir le cailín cuidiú a thabhairt mar gheall nach mbeadh sí go maith ag troid. Cé nach bhfuil an Lochlannach ach ina charachtar agus go bhfuil sé mar a bheifeá ag súil leis, tá sé feicthe go mbíonn botaí comhrá IS claonta bunaithe ar an eolas a oileann iad. Ar an drochuair, tá neart eolais ann ar líne atá claonta agus thángthas ar roinnt de na barúlacha seo i measc bhfreagraí an IS agus na mbotaí comhrá IS.

Gníomhaíocht: An IS agus iompraíocht dhochrach

Am

20 bomaite.

An Cuspóir Foghlama:

- Thig liom a thabhairt fá deara gur imir iompraíocht dochrach atá éascaithe fríd úsáid na theicneolaíochta IS tionchar nach beag ar íospartaigh.

Ábhair

- Sleamhnáin a théann le 'An IS agus iompraíocht dhochrach' (2 go 10)
- Cártaí do chásanna, agus ceisteanna.
- Nótaí Post-It

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Tá an ghníomhaíocht seo dírithe ar úsáid an IS agus ar cad é mar a thiocfadh leis sin tionchar a imirt ar íospartaigh.

1. Taispeáin sleamhnán 3 do na foghlaimeoirí, ar a léirítear an ráiteas seo 'Ní rud mór é íomhá IS a chruthú de dhuine, mar níl sé fíor'. Iarr ar na foghlaimeoirí vóta a chaitheamh lena léiriú an ea go n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad leis an ráiteas. Iarr ar roinnt foghlaimeoirí an cinneadh s'acu a mhíniú.
2. Inis do na foghlaimeoirí gur tosaíodh leis an ráiteas seo mar gheall gurb é seo ceann de na bealaí a n-úsáideann daoine an IS le tromaíocht a dhéanamh ar dhuine. Inis dóibh fosta go gcreideann roinnt daoine nach mbíonn sé chomh dochrach céanna an IS a úsáid don tromaíocht, i dtaca le cineálacha tromaíochta eile. Mínigh seo: d'ainneoin go mb'fhéidir nach bhfuil a leithéid d'fhíseáin agus íomhánna déanta leis an IS 'fíor', thig leis fíorthionchar a imirt ar an íospartach go fóill, agus ba chóir dúinn a bheith dáiríre faoi ar an ábhar sin. Is féidir go ndéantar tromaíocht le húsáid an IS ar bhealaí éagsúla, agus is é seo an rud a bheidh á fhiosrú ag foghlaimeoirí sa ghníomhaíocht seo.
3. Ach na cártaí a úsáid, cuir na cásanna uilig ar tháblaí éagsúla nó in áiteanna éagsúla ar fud an tseomra, mar aon le roinnt nótaí Post-It agus pinn. I ngrúpaí beaga, rachaidh foghlaimeoirí thart ó chás go cás, léifidh siad iad agus freagróidh siad na ceisteanna a théann leo. Déanfaidh siad a gcuid smaointe a bhreacadh ar na nótaí Post-It agus cuirfidh siad iad seo in aice leis an chás.
4. I ndiaidh dóibh é seo a dhéanamh le achan chás, bain úsáid as sleamhnáin 4 go 9 le comhrá gairid a dhéanamh ar na cásanna uilig. Thig leat an treoraíocht do mhúinteoirí a úsáid le cuidiú le freagairt na gceisteanna.

Gníomhaíocht: An IS agus iompraíocht dhochrach

5. Le críoch a chur le cúrsaí, taispeáin sleamhnán 10, a léiríonn an ráiteas 'Ní bhíonn tromaíocht le húsáid an IS chomh dochrach céanna le cineálacha eile tromaíochta'. Iarr ar na foghlaimeoirí vóta a chaitheamh lena léiriú an ea go n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad leis an ráiteas. Iarr ar roinnt foghlaimeoirí an cinneadh s'acu a mhíniú. Thig leat iarraidh ar na foghlaimeoirí le fáil amach ar athraíodh dearcadh duine ar bith mar gheall ar na cásanna atá léite acu, agus cad é mar a athraíodh a gcuid smaointeoireachta.

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Léigh fríd chás nó dhó as na cinn is ábhartha do na foghlaimeoirí agus déan obair in éineacht leo leis na freagraí a théann leis/leo a fhreagairt. B'fhéidir gur mhian leat a gcuid smaointeoireachta a spreagadh le moltaí nó smaointe ar leith ón treoraíocht do mhúinteoirí. Chomh maith leis sin, thiocfadh leat banc focal a thabhairt ina bhfuil saintéarmaíocht nó tús abairtí a chuideodh leo a gcuid freagraí a struchtúrú.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Iarr ar fhoghlaimeoirí póstaer a chruthú a spreagann do dhaoine óga labhairt amach má dhéantar tromaíocht orthu fríd úsáid an IS. Thiocfadh leis an phóstaer comhairle a thabhairt ar an dóigh le freagra a thabhairt agus le feasacht a ardú i dtaca leis na cineálacha éagsúla tromaíochta.

Cártaí Cásanna

Cás 1

Is í an aisling atá ag Megan éirí ina healaíontóir smididh. Postálann sí pictiúir dá smideadh féin ar na meáin shóisialta le cur lena punann agus lena lucht féachana mhéadú.

Lá amháin, déantar pictiúr de Megan a phostáil i gcomhrá grúpa. Gabhadh scáileáin dá pictiúr próifíl a bhí ann, a ndearnadh eagarthóireacht air fríd úsáid an IS, ar mhaithe lena cuma a athrú. Bhí daoine eile sa chomhrá grúpa ag magadh fúithi.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Megan anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Megan a dhéanamh anois?

Cás 2

Faigheann Jon iarratas leantóra nua. Síleann sé go bhfuil an duine tarraingtheach agus tá roinnt cairde i gcoiteann acu. Mar sin, glacann sé leis.

Cuireann Jon teachtaireacht chuig an leantóir nua, agus bíonn comhrá ann idir an bheirt ar feadh roinnt seachtainí. Labhraíonn siad fána saoil phearsanta agus a gcuid fadhbanna, agus síleann Jon gur féidir leis brath ar an leantóir. Socraíonn siad go mbuailfidh siad lena chéile an chéad lá eile.

Nuair a thagann Jon chuig an áit chruinnithe, i lár an bhaile mhóir, buaileann grúpa daoine óga ón scoil leis. Chruthaigh siad próifíl bréige le húsáid an IS ar mhaithe le cluanaí fíorúil a dhéanamh ar Jon agus feall a imirt air.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Jon anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Jon a dhéanamh anois?

Cás 3

Faigheann Ria teachtaireacht nua ó uimhir anaithnid. Tá an teachtaireacht gan dochar agus déanann sí neamhaird uirthi, mar sin.

Téann uair a chloig thart, agus faigheann Ria plódú isteach de theachtaireachtaí ón uimhir anaithnid. Éiríonn na teachtaireachtaí níos maslaí agus níos maslaí, agus cuireann siad isteach ar Ria. Deir Ria leo le stop a chur leis, ach ní éiríonn na teachtaireachtaí ach níos measa.

Faigheann Ria amach gur úsáid duine éigin an IS leis na teachtaireachtaí a scríobh agus a sheoladh go gasta.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Ria anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Ria a dhéanamh anois?

Cártaí Cásanna

Cás 4

Agus é ag scrollú fríd ardán ar a roinntear físeáin, tagann sé ar fhíseán de féin. Níl an físeán fóirsteanach, agus fríd úsáid an IS, léiríonn sé Mat ag déanamh rud éigin nach ndearna sé riamh.

Feiceann níos mó agus níos mó daoine an físeán thar oíche, agus tá roinnt daoine á roinnt agus ag scríobh tráchta air. Faigheann cuid mhór teachtaireachtaí gránna ó dhaoine ar scoil fosta fán fhíseán.

Tá sé buartha go mbeadh sé i dtrioblóid dá ndéarfadh sé rud ar bith lena thuismitheoirí.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Mat anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Mat a dhéanamh anois?

Cás 5

Ar na meáin shóisialta, postálann Gio pictiúr dó féin ar laethanta saoire, agus mothaíonn sé sásta fán phictiúr agus fán chuma atá air.

Ar maidin, músclaíonn Gio agus feiceann sé go ndearnadh 50 trácht ar a ghrianghraf. Ar dtús, mothaíonn sé tógtha go raibh cuid mhór daoine ag plé lena phictiúr ach roimh i bhfad, faigheann sé amach go raibh achan trácht ag rá rudaí diúltacha fán chuma atá air sa phictiúr.

Tá úsáideoirí le hainmneacha aisteacha i measc na dtráchtanna, chomh maith le daoine a bhfuil aithne aige orthu.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Gio anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Gio a dhéanamh anois?

Cás 6

Is maith le Billie cluichí ríomhaire a imirt. Lá amháin, déanann sí iarracht an cluiche ríomhaire is fearr léi a imirt, ach faigheann sí amach gur cuireadh cosc ar a cuntas mar gheall gur tuairiscíodh í as iompraíocht nach bhfuil glacadh léi. Mothaíonn Billie fríd a chéile, mar ní dhearna sí aon cheann de na rudaí a cuireadh ina leith.

Insíonn cara Billie di gur féidir le daoine an IS a úsáid le tuairiscí bréige a chruthú agus an chuma a chur ar an scéal go bhfuil siad ag teacht ó úsáideoirí difriúla.

Cad é mar a rachadh an cás seo i bhfeidhm ar Billie anois agus amach anseo?

Cad é a ba chóir do Billie a dhéanamh anois?

Múinteoir treoir – freagraí do na cásanna

Cás 1

Is í an aisling atá ag Megan éirí ina healaíontóir smididh. Postálann sí pictiúir dá smideadh féin ar na meáin shóisialta le cur lena punann agus lena lucht féachana mhéadú.

Lá amháin, déantar pictiúr de Megan a phostáil i gcomhrá grúpa. Gabhadh scáileáin dá pictiúr próifíl a bhí ann, a ndearnadh eagarthóireacht air fríd úsáid an IS, ar mhaithe lena cuma a athrú. Bhí daoine eile sa chomhrá grúpa ag magadh fúithi

Tionchair:

B'fhéidir go rachadh sé seo i bhfeidhm ar fhéinmhuinín Megan agus go mbeadh tionchar aige ar an dóigh a n-amharcann sí uirthi féin.

B'fhéidir nár mhaith le Megan postáil ar líne a thuilleadh, rud a thig dul i bhfeidhm ar an aisling atá aici éirí ina healaíontóir smididh.

Ná chéad céimeanna eile:

- Ba chóir do Megan na teachtaireachtaí a thuairisciú chuig cibé ardán ar a fuair sí iad.
- Ba chóir do Megan cuidiú a iarraidh ó dhuine fásta iontaofa, amhail tuismitheoir nó cúramóir.

Cás 2

Faigheann Jon iarratas leantóra nua. Síleann sé go bhfuil an duine tarraingtheach agus tá roinnt cairde i gcoiteann acu. Mar sin, glacann sé leis.

Cuireann Jon teachtaireacht chuig an leantóir nua, agus bíonn comhrá ann idir an bheirt ar feadh roinnt seachtainí. Labhraíonn siad fána saoil phearsanta agus a gcuid fadhbanna, agus síleann Jon gur féidir leis brath ar an leantóir. Socraíonn siad go mbuailfidh siad lena chéile an chéad lá eile.

Nuair a thagann Jon chuig an áit chruinnithe, i lár an bhaile mhóir, buaileann grúpa daoine óga ón scoil leis. Chruthaigh siad próifíl bréige le húsáid an IS ar mhaithe le cluanaí fíorúil a dhéanamh ar Jon agus feall a imirt air.

Tionchair:

- B'fhéidir go mothódh Jon náirithe, agus go ndearnadh feall uirthi.
- B'fhéidir nach mbeadh muinín ag Jon as duine ar bith ar scoil, nó as duine ar bith eile ar líne.
- B'fhéidir go mbeadh Jon buartha go mbeadh an fhaisnéis phearsanta agus na fadhbanna s'aige á roinnt níos forleithne.

Ná chéad céimeanna eile:

- Seo sampla den chluanaí fíorúil, nuair a ligeann duine orthu gur duine eile iad ar mhaithe le muinín duine a fháil. Is féidir é seo a thuairisciú ar an ardán a raibh an comhrá air, agus ba chóir do Jon gabháil scáileáin a cheapadh de na comhráití mar fhianaise.
- Ba chóir do Jon cuidiú a iarraidh ó dhuine fásta iontaofa. Ós rud é gur tháinig an grúpa ón scoil, b'fhéidir go mbeadh sé go maith labhairt le múinteoir.

Múinteoir treoir – freagraí do na cásanna

Cás 3

Faigheann Ria teachtaireacht nua ó uimhir anaithnid. Tá an teachtaireacht gan dochar agus déanann sí neamhaird uirthi, mar sin.

Téann uair a chloig thart, agus faigheann Ria plódú isteach de theachtaireachtaí ón uimhir anaithnid. Éiríonn na teachtaireachtaí níos maslaí agus níos maslaí, agus cuireann siad isteach ar Ria. Deir Ria leo le stop a chur leis, ach ní éiríonn na teachtaireachtaí ach níos measa.

Faigheann Ria amach gur úsáid duine éigin an IS leis na teachtaireachtaí a scríobh agus a sheoladh go gasta.

Tionchair:

- Fiú amháin má bhí na teachtaireachtaí ginte leis an IS, thig leis an ábhar cur isteach ar dhuine go fóill.
- B'fhéidir go mothódh Ria fríd a chéile agus go rachadh sé i bhfeidhm ar a folláine mheabhrach.
- **Ná chéad céimeanna eile:**
- Ba chóir do Ria na teachtaireachtaí a thuairisciú agus an uimhir a bhlocáil ionas nach mbeidh siad ábalta dul i dteagmháil léi arís.
- Ba chóir do Ria cuidiú a fháil ó dhuine fásta iontaofa le labhairt fán rud a tharla.

Cás 4

Agus é ag scrollú fríd ardán ar a roinntear físeáin, tagann sé ar fhíseán de féin. Níl an físeán fóirsteanach, agus fríd úsáid an IS, léiríonn sé Mat ag déanamh rud éigin nach ndearna sé riamh.

Feiceann níos mó agus níos mó daoine an físeán thar oíche, agus tá roinnt daoine á roinnt agus ag scríobh tráchta air. Faigheann cuid mhór teachtaireachtaí gránna ó dhaoine ar scoil fosta fán fhíseán.

Tá sé buartha go mbeadh sé i dtrioblóid dá ndéarfadh sé rud ar bith lena thuismitheoirí.

Tionchair:

- B'fhéidir go mothódh Mat náirithe, agus go bhfuil sé ina aonar.
- B'fhéidir go gcuirfeadh sé an locht air féin as an rud a tharla, nó go mothódh sé nach dtiocfadh leis labhairt le duine ar bith faoi.
- As siocair go bhfuil a fhios ag Mat gur cruthaíodh an t-ábhar seo, agus go ndearnadh é a roinnt ar líne, b'fhéidir go rachadh sé i bhfeidhm ar a fholláine mheabhrach.

Ná chéad céimeanna eile:

- Insint do dhuine fásta iontaofa atá ábalta tuilleadh tacaíochta agus comhairle a thabhairt. B'fhéidir, duine fásta sa bhaile, nó ar scoil, go háirithe ós rud é go bhfuair sé teachtaireachtaí ó chomhscoláirí.
- An físeán a thuairisciú ar an ardán ar a raibh sé, agus iarradh ar dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh.

Nóta: *maítear sa chás seo gur íomhá dhomhainbhrionnaithe de dhuine nocht, nó a bhfuil nádúr gnéasúil aige, atá i gceist. Briseann íomhánna de dhaoine nochta faoi 18 bliana d'aois an dlí, iad siúd san áireamh atá cruthaithe le húsáid an IS, agus is féidir iad a thuairisciú le seirbhísí speisialta tuairiscithe. B'fhéidir gur mhaith leat foghlaimeoirí a threorú chuig an tseirbhís* **Childline's Report Remove service**, *nó chuig* **Take It Down**.

Múinteoir treoir – freagraí do na cásanna

Cás 5

Ar na meáin shóisialta, postálann Gio pictiúr dó féin ar laethanta saoire, agus mothaíonn sé sásta fán phictiúr agus fán chuma atá air.

Ar maidin, músclaíonn Gio agus feiceann sé go ndearnadh 50 trácht ar a ghrianghraf. Ar dtús, mothaíonn sé tógtha go raibh cuid mhór daoine ag plé lena phictiúr ach roimh i bhfad, faigheann sé amach go raibh achan trácht ag rá rudaí diúltacha fán chuma atá air sa phictiúr.

Tá úsáideoirí le hainmneacha aisteacha i measc na dtráchtanna, chomh maith le daoine a bhfuil aithne aige

Tionchair:

- B'fhéidir go mbeadh na mothúcháin a leanas ar Gio fán rud a tharla: fríd a chéile, gortaithe, uiríslithe, go holc ós rud é gur airsean a díríodh an rud ar fad, srl.
- B'fhéidir go rachadh na tráchtanna diúltacha i bhfeidhm ar fhéiníomhá agus féinmheas Gio.
- B'fhéidir go mothódh Gio míchompordach agus é ag postáil grianghraf sa todhchaí, nó faoi bhrú le heagarthóireacht a dhéanamh orthu le caighdeáin íomhá neamhréalaíocha a chomhlíonadh.
- B'fhéidir go bhfeicfeadh daoine eile na tráchtanna ar ghrianghraf Gio, agus go leanfaidh siad leis an mhaslú chéanna as líne.
- B'fhéidir go bhfeicfeadh daoine eile na tráchtanna ar ghrianghraf Gio, agus go mbeadh buaireamh orthu go dtarlódh an rud céanna dóibhsean.

Ná chéad céimeanna eile:

- Na húsáideoirí a rinne na tráchtanna a bhlocáil agus a thuairisciú, agus na tráchtanna iad féin a thuairisciú.
- Labhairt le duine fásta iontaofa.
- Labhairt lena chairde le tacaíocht a fháil agus iad a spreagadh leis na tráchtanna a thuairisciú fosta.

Cás 6

Is maith le Billie cluichí ríomhaire a imirt. Lá amháin, déanann sí iarracht an cluiche ríomhaire is fearr léi a imirt, ach faigheann sí amach gur cuireadh cosc ar a cuntas mar gheall gur tuairiscíodh í as iompraíocht nach bhfuil glacadh léi. Mothaíonn Billie fríd a chéile, mar ní dhearna sí aon cheann de na rudaí a cuireadh ina leith.

Insíonn cara Billie di gur féidir le daoine an IS a úsáid le tuairiscí bréige a chruthú agus an chuma a chur ar an scéal go bhfuil siad ag teacht ó úsáideoirí difriúla.

Tionchair:

- B'fhéidir go gcaillfeadh Billie rochtain ar an chluiche go deo, nó go mbeadh uirthi cuntas nua a chruthú, agus go gcaillfeadh sí a dul chun cinn agus na rudaí atá saothraithe aici ar an tseanchuntas.
- B'fhéidir nár mhaith léi an cluiche a imirt ar chor ar bith, nó nach mbainfeadh sí taitneamh as a bheith ag imirt na gcluichí ar bhain sí sult astu roimhe.
- B'fhéidir go mothódh Billie gur chuir sé isteach uirthi, nó go bhfuil sí gorthaithe nó buartha, go háirithe ós rud é nach bhfuil a fhios aici cé hé/hí a rinne na tuairiscí seo.

Ná chéad céimeanna eile:

- Insint go duine fásta iontaofa ionas nach mbeidh uirthi dul fríd seo léi féin.
- Bealach leis an chosc a cuireadh lena cuntas a achomharc fríd an fhoireann muiníne agus sábháilteachta atá ag an ardán ríomhchluichíochta.

Gníomhaíocht: An Eitic agus an IS

Am

40 bomaite.

An Cuspóir Foghlama:

- Thig liom roinnt de na saincheisteanna eitice a bhaineann le húsáid fhreagrach an IS a fhiosrú.

Ábhair

- Sleamhnáin a théann le 'an Eitic agus an IS' (sleamhnáin 10 go 18)

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, déantar machnamh ar na saincheisteanna eitice níos leithne a bhaineann le húsáid fhreagrach na teicneolaíochta IS agus an dóigh ar féidir leis seo tionchar a imirt ar chinneadh dhuine éigin leis an IS a úsáid nó gan í a úsáid.

1. Ar dtús, roinn leis na foghlaimeoirí na cúig ráiteas fán IS atá ar shleamhnán 11.
2. Iarr ar na foghlaimeoirí a insint an ea go n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad leis an ráiteas. Thiocfadh leat vótáil a dhéanamh, nó comhrá, ar mhaithe leis na smaointe atá acu ag an phointe seo a fháil.
3. Mínigh go léiríonn na tuairimí seo roinnt de na saincheisteanna eiticiúla a thiocfadh le daoine machnamh orthu agus cinneadh a dhéanamh acu maidir leis an dóigh le teicneolaíochtaí IS a úsáid go freagrach. Is é atá i gceist le heitic ná bealach atá ag daoine le smaoineamh fán rud a chreideann siad a bheith ceart nó contráilte le déanamh. Mínigh gur féidir go mbeadh am de dhíth ar dhaoine cinneadh a dhéanamh ar an dóigh ar mhaith leo teicneolaíocht nua a úsáid i ndiaidh di teacht amach, de réir mar a fhoghlaimíonn siad an fhírinne fá fhorbairt nó fá thionchair na teicneolaíochta sin.
4. Oibrigh fríd na sleamhnáin 13 go 18 le tuilleadh míniúcháin a thabhairt ar achan cheann de na saincheisteanna a thugtar sna ráitis. Chomh maith, thiocfadh leat iad seo a phriontáil amach agus a thabhairt do ghrúpaí níos lú d'foghlaimeoirí, in áit a bheith ag obair mar mhórghrúpa amháin.
5. Roghnaigh gníomhaíocht a leanfaidh seo, a chuideoidh le daingniú na foghlama. B'fhéidir gur mhian leat:
   - plé a dhéanamh bunaithe ar an cheist "an bhfuil sé maith ceart ó thaobh na heitice de an IS a úsáid?"
   - iarraidh ar achan ghrúpa béim a leagan ar cheann de na saincheisteanna agus í a mhíniú do na daoine eile
   - am a thabhairt do na foghlaimeoirí tuilleadh taighde a dhéanamh ar cheann amháin de na ráitis agus an t-eolas a fhaigheann siad a roinnt mar phíosa scríofa nó mar chur i láthair
   - argóint chothrom a scríobh, ina dtugtar san áireamh achan tuairim, agus conclúid dá gcuid féin á déanamh ag na foghlaimeoirí

Gníomhaíocht: An Eitic agus an IS

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Úsáid a bhaint as na sleamhnáin téacs (sleamhnáin 19 go 26). Ar a bharr sin, b'fhéidir gur mhaith leat gan ach díriú ar ráiteas nó dhó, bunaithe ar ábhair spéise na bhfoghlaimeoirí a bhfuil tú ag obair leo.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Iarraidh ar fhoghlaimeoirí modh IS a shamhlú a bhfuil réiteach aige ar roinnt de na saincheisteanna eitice a bhaineann leis an IS. Ba chóir dóibh smaoineamh ar an fheidhm a bheas leis, ar an dóigh a mbeadh sé oilte, a mbeadh sé cumhachtaithe, agus a n-úsáidfeadh sé faisnéis daoine. Ansin, thiocfadh leo luacháil a dhéanamh ar mhúnlaí a chéile lena fheiceáil an féidir iad a úsáid go freagrach.